# Cuireadh

**Cloisfidh tú píosaí as seacht gcomhrá dhifriúla. Tá daoine ag tabhairt cuirí do chairde dul áit éigin leo. I gcás gach comhrá, cuir tic sa cholún ceart thíos.**

| | Glacadh | Diúltú |
|---|---|---|
| **Comhrá 1** | | |
| **Comhrá 2** | | |
| **Comhrá 3** | | |
| **Comhrá 4** | | |
| **Comhrá 5** | | |
| **Comhrá 6** | | |
| **Comhrá 7** | | |

# Script

**Comhrá 1**

**A**: Ar mhaith leat dul go dtí an teach tábhairne anocht?

**B**: Ba bhreá liom ach beidh mé obair go mall. An tseachtain seo chugainn b'fhéidir, ní bheidh mé chomh gnóthach ansin.

**Comhrá 2**

**A:** Ar mhaith leat dul chuig scannán ag an deireadh seachtaine?

**B:** Ba bhreá liom. Go raibh maith agat! An bhfuil aon scannán maith ar siúl faoi láthair?

**A:** Tá an ceann nua le Spielberg ag tosú ar an Aoine sílim.

**Comhrá 3**

**A:** An mbeidh tú saor san oíche amárach? Beidh dráma maith san amharclann.

**B:** Tá brón orm ach tá slaghdán agus casachtach orm ach go raibh maith agat - am éigin eile b'fhéidir?

**A:** Cinnte, tabhair aire duit féin. Cuirfidh mé glao ort an tseachtain seo chugainn.

# Script ar lean

**Comhrá 4**

**A:** Ar mhaith leat dul chuig seisiún ceoil oíche Luain?

**B:** Ó, ba bhreá. Bheadh sin go deas, is fada ó bhí mé ag seisiún maith ceoil.

**Comhrá 5**

**A:** Ar mhaith leat leadóg a imirt liom tráthnóna Dé Domhnaigh?

**B:** Ó, tá brón orm ach ní féidir liom, ghortaigh mé mo ghlúin. Ní féidir liom siúl fiú!

**A:** A chréatúir bhoicht. Tabhair aire duit féin.

**Comhrá 6**

**A:** Ar mhaith leat dul chuig ceolchoirm oíche Aoine?

**B:** Cén grúpa?

**A:** Altán

**B:** Ó, ba bhreá liom – is breá liom Altán ach ní fhaca mé ar an stáitse iad le tamall fada.

**Comhrá 7**

**A:** Beidh cóisir ag Síle oíche Dé Sathairn. Ar mhaith leat dul liom?

**B:** Ba mhaith cinnte! Cén áit a mbuailfimid le chéile?

**A:** Cad faoi chúpla deoch a ól san óstán roimh ré?

**B:** Sin smaoineamh maith